Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2016**
**(OR. en)**

**14722/16**

**FISC 200**
**ECOFIN 1088**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir leis an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 92/83/CEE – Formhuiniú |

1. Ar an 28 Deireadh Fómhair 2016 chuir an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle maidir leis an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 92/83/CEE ón gComhairle maidir le struchtúir na ndleachtana máil a chuirtear i bhfeidhm ar alcól agus ar dheochanna alcólacha ("an Tuarascáil ón gCoimisiún" anseo feasta)[1].

2. Cuireadh ceangal ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 22(7) de Threoir 92/83/CEE[2]. Fairis sin, sainaithníodh an Treoir le haghaidh meastóireachta faoi Chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) an Choimisiúin.[3]

[1] ST 13870/16 FISC 178 + ADD1, ADD2.
[2] Treoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir dhleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha a chomhchuibhiú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 21).
[3] Is clár é REFIT trína ndéantar athbhreithniú ar stoc iomlán reachtaíocht an Aontais - chun ualaí, neamhréireachtaí, bearnaí nó bearta mí-éifeachtacha a shainaithint agus chun na moltaí riachtanacha a dhéanamh don obair leantach i ndáil le torthaí an athbhreithnithe.

3. Sa Tuarascáil ón gCoimisiún leagtar amach an cúlra as ar eascair sé, an mhodheolaíocht a úsáideadh don mheastóireacht sheachtrach a rinneadh ar Threoir 92/83/CEE, na saincheisteanna a tháinig chun cinn agus na moltaí a rinneadh ar an mbonn sin. Aithníonn an Coimisiún ansin trí réimse oibre ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar mholtaí sonracha agus leis an gceathrú réimse i gcás ina molann an Coimisiún an status quo a choinneáil, agus gan aon ghníomhaíocht a dhéanamh.

4. Pléadh an Tuarascáil ón gCoimisiún ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil um Cheisteanna Cánach (HLWP) ar an 10 Samhain 2016, inar chomhaontaigh na toscaireachtaí lena linn go ngníomhóidis chun teacht ar chomhaontú i ndáil leis na Conclúidí ón gComhairle, ina leagfaí amach tuairimí na Meithle maidir leis an tuarascáil sin agus maidir leis an mbealach ar aghaidh.

5. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil um Cheisteanna Cánach (HLWP) ar an 22 Samhain, thacaigh na toscaireachtaí ar fad d'aon ghuth leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nóta seo.

6. I bhfianaise an méid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí thuasluaite ón gComhairle a ghlacadh, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I iad, mar mhír "A" ar chlár oibre ag cruinniú a bheidh ar siúl amach anseo.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHTCHONCLÚIDÍ**

**MAIDIR LEIS AN TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN A CUIREADH FAOI BHRÁID NA COMHAIRLE MAIDIR LEIS AN MEASTÓIREACHT A RINNEADH AR THREOIR 92/83/CEE ÓN gCOMHAIRLE FAOI STRUCHTÚIR NA nDLEACHTANA MÁIL A CHUIRTEAR I BHFEIDHM AR ALCÓL AGUS AR DHEOCHANNA ALCÓLACHA**

Maidir leis an gComhairle (Ecofin):

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir leis an meastóireacht ar Threoir 92/83/CEE ón gComhairle maidir le struchtúir na ndleachtanna máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí agus na moltaí a leagtar amach sa Tuarascáil sin.

2. AONTAÍONN SÍ leis an measúnú, i gcoitinne, go bhfeidhmíonn Treoir 92/83/CEE go héifeachtach agus gur féidir na bacainní trádála a bhaineann le cáin a sheachaint nó saobhadh iomaíochta idir oibreoirí eacnamaíocha in earnáil na gníomhaíochta céanna.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndírítear go heisiach sa tuarascáil ón gCoimisiún ar struchtúir na ndleachtanna máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha, agus nach gcumhdaítear ar bhealach ar bith na torthaí nó nach gcomhcheanglaítear iad leis na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 92/84/CEE maidir leis na rátaí dleachta máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha a neasú.

4. DEIMHNÍONN SÍ, gur gá an débhríocht a sheachaint a chuirfeadh saobhadh ar an iomaíocht faoi deara idir oibreoirí eacnamaíocha agus na coinníollacha comhchuibhithe a chur i bhfeidhm chomh maith le rialacha maidir le cáin a ghearradh ar alcól agus deochanna alcólacha. Ina theannta sin, tá sé riachtanach foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha comhionanna a bhaint amach le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha sa mhargadh inmheánach feidhmiúil, deireadh a chur leis an gcur isteach ar iomaíocht chóir agus imghabháil chánach agus seachaint cánach a chosc.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, áfach, go bhféadfaí an Treoir sin a leasú de réir mar is iomchuí d'fhonn deireadh a chur le débhríochtí áirithe arb iad is cúis uaireanta leis an láimhseáil éagsúil a dhéantar ar chineálacha áirithe alcóil agus deochanna alcólacha. Leis sin, chuirfí feabhas freisin ar bhailiú dleachtanna máil agus laghdófaí na costais riaracháin d'oibreoirí eacnamaíocha agus do riaracháin chánach sna Ballstáit.

6. AITHNÍONN SÍ gur gá soiléiriú agus comhchuibhiú breise a dhéanamh ar na rialacha aicmithe maidir le táirgí a mhonaraítear mar mheascáin de chatagóirí éagsúla deochanna alcólacha nó mar mheascáin deochanna alcólacha agus deochanna neamh-mheisciúla, d'fhonn an láimhseáil a dhéantar ar na táirgí céanna ar fud na mBallstát a aontú chun críocha máil, agus ar an gcaoi sin soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha.

7. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá a áirithiú go láimhseálfar deochanna alcólacha ar bhealach aonfhoirmeach, ar deochanna iad ina bhfuil an meascán d'alcól agus de dheochanna coipthe, agus sa chomhthéacs sin, chun críocha cinnteachta dlíthiúla, soiléiriú a dhéanamh ar an gcoincheap "go hiomlán de bhunadh coipthe" i dTreoir92/83/CEE.

8. AONTAÍONN SÍ leis an measúnú go bhfuil rialacha soiléire i bhfeidhm maidir le rátaí laghdaithe a chur i bhfeidhm le haghaidh táirgeoirí beaga beorach agus alcól eitile agus IARRANN SÍ AR an gCoimisiún féachaint ar an tionchar a bheadh ann dá ndéanfaí na rialacha sin a leathnú do tháirgeoirí beaga fíonta súilíneacha agus fíonta gan súilíní, deochanna coipthe eile agus táirgí idirmheánacha.

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún iniúchadh breise a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith le cead a thabhairt do Bhallstáit táirgeadh alcól eitile agus táirgí idirmheánacha chun críocha tomhailte dílse a dhíolmhú ó dhleachtanna máil agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle agus MEABHRAÍONN SÍ go háirithe an tábhacht a bhaineann leis an gcothromaíocht cheart a fháil idir ioncam, costais riaracháin cánach, gnéithe eile a bhaineann le tomhaltas agus an tionchar ar thrádáil trasteorann.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur glacadh le déanaí Rialachán Cur chun Feidhme 2016/1867/AE ón gCoimisiún lena bhforáiltear nós imeachta "euro" coiteann amháin le haghaidh alcól a dhínádúrú go hiomlán, agus sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ gur gá Airteagal 27 de Threoir 92/83/CEE, a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn níos ginearálta d'fhonn na coinníollacha trédhearcacha agus soiléire a shainiú maidir le cur i bhfeidhm na ndíolúintí a bhaineann le haon chineál alcól dínádúraithe, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát.

11. MEABHRAÍONN SÍ gur gá cothromaíocht a bhaint amach idir imghabháil chánach agus seachaint cánach a chosc agus, ag an am céanna, solúbthacht a áirithiú san úsáid a bhaintear as nósanna imeachta dínádúruithe éagsúla atá leagtha síos ag na Ballstáit i gcomhréir le pointe (b) d' Airteagal 27(1) de Threoir 92/83/CEE, agus SPREAGANN SÍ an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, sainmhíniú soiléir ar na táirgí deiridh a fhorbairt, lenar cheart go bhféadfaí deireadh a chur leis na hiarmhairtí a bhaineann le láimhseáil dhifriúil a dhéanamh ar tháirgí ó alcól dínádúraithe laistigh den mhargadh inmheánach.

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, d'fhonn comhchuibhiú breise a áirithiú ar na díolúintí dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 27(1) de Threoir 92/83/CEE, go dtarlódh go mbeadh gá le leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le coinneáil agus iompar alcól dínádúraithe a oiriúnú chun forálacha Treoir 2008/118/CE ón gComhairle a léiriú.

13. AITHNÍONN SÍ go bhfuil roinnt cód AC dá dtagraítear i dTreoir 92/83/CEE ar gá iad a thabhairt cothrom le dáta, toisc gur glacadh an Treoir seo níos mó ná 20 bliain ó shin.

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, ar mhaithe le soiléireacht agus toisc go bhféadfaí Treoir 92/83/CEE a athbhreithniú, go bhféadfaí rialacha a bhí ceaptha le haghaidh Ballstáit shonracha agus nach bhfuil in úsáid a thuilleadh, go bhféadfaí iad a bhaint.

15. IARRANN SÍ go ngabhfaidh an Coimisiún Eorpach na staidéir uile is ábhartha de láimh, agus aird á tabhairt ar na Conclúidí seo ón gComhairle aige agus ar na cuspóirí a leagtar amach i dTreoir 92/83/CEE agus, tar éis dó anailís theicniúil ábhartha a dhéanamh, go ndéanfaidh sé comhairliúcháin phoiblí agus measúnú tionchair a chur i gcrích, togra reachtach iomchuí a chur faoi bhráid na Comhairle in 2017 nó i gcás go roghnaíonn sé gan togra a thíolacadh, an Chomhairle a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis sin.